# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1410 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Lúnasa 2022**

**lena ndéantar foráil maidir le tréimhse réamhfhógra laghdaithe roimh theacht isteach i gcalafort do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais arb é 12 mhéadar nó níos mó a bhfad san iomlán agus atá i mbun iascaigh ar stoic atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafoirt na Spáinne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais arb é 12 mhéadar nó níos mó a bhfad san iomlán agus atá i mbun iascaigh ar stoic atá faoi réir plean ilbhliantúil, ar máistrí iad atá faoi oibleagáid sonraí an logleabhair iascaireachta a thaifeadadh go leictreonach, tá siad le fógra a thabhairt freisin d'údaráis inniúla a mBallstáit brataí go bhfuil sé ar intinn acu gabháil a thabhairt i dtír 4 huaire an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach.

(2) An 28 Bealtaine 2021, d'iarr an Spáinn go ndéanfaí an tréimhse fógra laghdaithe a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1188/2013 ón gCoimisiún ([2]) a leathnú chuig gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá i mbun iascaigh ar stoic atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) sa Mhuir Chantabrach, i Murascaill Cadiz agus sa Mheánmhuir thiar, agus a thugann gabhálacha i dtír i gcalafoirt na Spáinne.

(3) Leis na sonraí spásúla arna soláthar ag an Spáinn chun tacú leis an iarraidh sin, léirítear go n-oibríonn na cabhlaigh shonracha ábhartha faoi bhratach na Spáinne, mar riail ghinearálta, i meánna atá níos lú ná 4 huaire an chloig óna gcalafoirt tabhartha i dtír. Ina theannta sin, tá na calafoirt tabhartha i dtír sin níos lú ná 2 uair an chloig go leith ó oifigí údaráis rialaithe na Spáinne. Dá bhrí sin, dá roghnófaí na soithí atá i gceist le haghaidh cigireachta ar thabhairt i dtír, cheadódh tréimhse réamhfhógra 2 uair an chloig go leith ar a laghad d'údaráis rialaithe na Spáinne lena mbaineann teacht in am chuig an gcalafort tabhartha i dtír chun an chigireacht chomhfhreagrach a dhéanamh.

(4) Ar chúiseanna na córa comhionainne, ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse réamhfhógra laghdaithe chéanna maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thugann gabhálacha i dtír in aon chalafort de chuid na Spáinne agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an ceart a thabhairt do na soithí iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann réamhfhógra 2 uair an chloig go leith a thabhairt roimh an am a mheastar a bhainfear calafort de chuid na Spáinne amach.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
([2]) OJ L 313, 22.11.2013, p. 47.
([3]) Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).
([4]) Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1).

(6) Ba cheart don Spáinn measúnú a dhéanamh ar thionchar na tréimhse réamhfhógra laghdaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú iomchuí uirthi agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(7) Ós rud é go bhfuil forluí idir raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1188/2013 agus raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a aisghairm.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar an íostréimhse réamhfhógra dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a laghdú go 2 uair an chloig go leith i gcás máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais arb é 12 mhéadar nó níos mó a bhfad iomlán agus a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go bhfuil siad i mbun iascaigh ar stoic atá faoi réir na bpleananna ilbhliantúla arna mbunú le Rialacháin (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022;

(b) oibríonn siad go heisiach i meánna ónar féidir leo an calafort tabhartha i dtír a bhaint amach laistigh de 4 huaire an chloig;

(c) tugann siad gabhálacha i dtír i gcalafoirt na Spáinne.

*Airteagal 2*

Cuirfidh an Spáinn tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo faoin 26 Lúnasa 2024.

Áireofar sa tuarascáil sin anailís ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tréimhse réamhfhógra laghdaithe ar chumas údaráis rialaithe iascaigh na Spáinne faireachán éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta na soithí sin a bhaineann tairbhe as an tréimhse réamhfhógra laghdaithe a leagtar amach in Airteagal 1.

*Airteagal 3*

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1188/2013.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Lúnasa 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Virginijus SINKEVIČIUS
*Comhalta den Choimisiún*